2024/3171

31.12.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/3171 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Nollaig 2024

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1445/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an liosta bun-cheannteideal a úsáidtear le haghaidh Paireachtaí Cumhachta Ceannaigh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1445/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2007 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna le haghaidh faisnéis bhunúsach a sholáthar maidir le Paireachtaí Cumhachta Ceannaigh agus le haghaidh na Paireachtaí sin a ríomh agus a scaipeadh ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(3), pointe (b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 3, pointe (e) de Rialachán (CE) Uimh. 1445/2007 sainmhínítear gurb éard is 'bun-cheannteideal' ann an leibhéal comhiomlánaithe is ísle d'ítimí sa mhiondealú OTI a ndéantar paireachtaí a ríomh dó.

(2) Le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1445/2007 sainítear an liosta bun-cheannteideal atá ann faoi láthair.

(3) Maidir le caiteachas ar thomhaltas aonair de réir teaghlach, is éard atá in aicmiú na mbun-cheannteideal, miondealú breise ar an aicmiú tomhaltais aonair de réir cuspóra (COICOP) mar a shainítear i gCaibidil 23 d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach ([2]).

(4) Sa 49ú seisiún de Choimisiún Staidrimh na Náisiún Aontaithe, rinneadh an leagan athbhreithnithe den aicmiú tomhaltais aonair de réir cuspóra ('COICOP 2018') a bhreithniú agus a fhormhuiniú ionas go ndearnadh de an caighdeán a bhfuil glacadh leis go hidirnáisiúnta.

(5) Le Rialachán (AE) 2023/734 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 chun COICOP 2018 a thabhairt isteach agus chun é a ailíniú leis an gcaighdeán idirnáisiúnta nua.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1445/2007 a leasú.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach, arna bhunú le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]),

([1]) IO L 336, 20.12.2007, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach (IO L 174, 26.6.2013, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) 2023/734 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach, agus lena n-aisghairtear 11 ghníomh dlí i réimse na gcuntas náisiúnta (IO L 97, 5.4.2023, lch. 1).

([4]) 4 Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1445/2007.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Meán Fómhair 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Nollaig 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN II

Bun-cheannteidil mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (e)

Uimhir BC	Tuairisc	COICOP 2018 [1]	COPNI [2]	COFOG [2]	Leagan CPA 2.1 [3]
	COSTAS TOMHALTAIS AONAIR DE RÉIR TEAGHLACH				
	Bia agus deochanna neamh-mheisciúla				
	Bia				
	Gránaigh agus táirgí gránaigh				
1	Gránaigh	01.1.1.1			
2	Plúr gránaigh	01.1.1.2			
3	Arán agus táirgí bácála	01.1.1.3			
4	Gránaigh bhricfeasta	01.1.1.4			
5	Macarón, núdail, cúscús agus táirgí pasta comhchosúla	01.1.1.5			
6	Táirgí gránach agus grán meilte eile	01.1.1.9			
	Ainmhithe beo, agus feoil agus codanna eile d'ainmhithe talún maraithe				
7	Ainmhithe talún beo	01.1.2.1			
8	Feoil, agus í úr, fuaraithe nó reoite	01.1.2.2			
9	Feoil, agus í triomaithe, saillte, faoi sháile nó deataithe	01.1.2.3			
10	Scairteach, fuil agus codanna eile d'ainmhithe maraithe, iad úr, fuaraithe nó reoite, triomaithe, saillte, faoi sháile nó deataithe	01.1.2.4			
11	Ullmhóidí feola, scairtí, fola agus codanna eile d'ainmhithe maraithe	01.1.2.5			
	Iasc agus bia mara eile				
12	Iasc, agus é beo, úr, fuaraithe nó reoite	01.1.3.1			
13	Iasc, agus é triomaithe, saillte, faoi sháile nó deataithe	01.1.3.2			
14	Ullmhóidí éisc	01.1.3.3			
15	Bia mara eile agus é beo, úr, fuaraithe nó reoite	01.1.3.4			
16	Bia mara eile, agus é triomaithe, saillte, faoi sháile nó deataithe	01.1.3.5			

17	Ullmhóidí eile bia mara	01.1.3.6
18	Aenna, eochraí agus scairteach eile éisc agus aenna, eochraí agus scairteach bia mara eile i ngach foirm	01.1.3.7
	Bainne, táirgí déiríochta eile agus uibheacha	
19	Bainne amh agus bainne iomlán	01.1.4.1
20	Bainne bearrtha	01.1.4.2
21	Bainne agus uachtar eile	01.1.4.3
22	Bainne nach de bhunadh ainmhíoch é	01.1.4.4
23	Cáis	01.1.4.5
24	Iógart agus táirgí comhchosúla	01.1.4.6
25	Milseoga agus deochanna bainnebhunaithe	01.1.4.7
26	Uibheacha	01.1.4.8
27	Táirgí déiríochta eile	01.1.4.9
	Olaí agus saillte	
28	Olaí plandúla	01.1.5.1
29	Im agus olaí agus saillte eile a dhíorthaítear ó bhainne	01.1.5.2
30	Margairín agus ullmhóidí comhchosúla	01.1.5.3
31	Olaí agus saillte ainmhíocha eile	01.1.5.9
	Torthaí agus cnónna	
32	Dátaí, figí agus torthaí trópaiceacha, agus iad úr	01.1.6.1
33	Torthaí citris, agus iad úr	01.1.6.2
34	Clochthorthaí agus torthaí póma, iad úr	01.1.6.3
35	Caora, agus iad úr	01.1.6.4
36	Torthaí eile, agus iad úr	01.1.6.5
37	Torthaí, agus iad reoite	01.1.6.6
38	Torthaí, agus iad triomaithe agus díhiodráitithe	01.1.6.7
39	Cnónna, iad sa bhlaosc nó scilligthe	01.1.6.8
40	Torthaí agus cnónna, agus iad meilte, agus in ullmhóidí eile	01.1.6.9

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/3171/oj

	Glasraí, tiúbair, plantáin, bananaí cócaireachta agus piseánaigh	
41	Glasraí duilleacha nó glasraí gais, agus iad úr nó fuaraithe	01.1.7.1
42	Glasraí a thugann torthaí, agus iad úr nó fuaraithe	01.1.7.2
43	Glasraí léagúmacha glasa, iad úr nó fuaraithe	01.1.7.3
44	Glasraí eile, agus iad úr nó fuaraithe	01.1.7.4
45	Tiúbair, plantáin agus bananaí cócaireachta, iad úr nó fuaraithe	01.1.7.5
46	Piseánaigh	01.1.7.6
47	Glasraí, tiúbair, plantáin agus bananaí cócaireachta eile, iad triomaithe agus díhiodráitithe	01.1.7.7
48	Glasraí, tiúbair, plantáin agus bananaí cócaireachta, iad reoite	01.1.7.8
49	Glasraí, tiúbair, plantáin, bananaí cócaireachta agus piseánaigh, iad meilte, agus in ullmhóidí eile	01.1.7.9
	Siúcra, milseogra agus milseoga	
50	Siúcra cána agus siúcra biatais	01.1.8.1
51	Siúcraí agus ionadaigh siúcra eile	01.1.8.2
52	Subha, marmaláidí, glóthacha torthaí, *purée* agus leafaois, agus mil	01.1.8.3
53	*Purée* cnó, imeanna cnó agus leafaois cnó	01.1.8.4
54	Seacláid, cócó agus táirgí bia atá bunaithe ar chócó	01.1.8.5
55	Oighear, uachtar reoite agus soirbéad	01.1.8.6
56	Siúcra, milseogra agus milseoga eile nach n-aicmítear in aon áit eile	01.1.8.9
	Bia réamhdhéanta agus táirgí bia eile	
57	Bia réamhdhéanta	01.1.9.1
58	Bia leanaí	01.1.9.2
59	Salann, tarsainn agus anlainn	01.1.9.3
60	Spíosraí, luibheanna cócaireachta agus síolta	01.1.9.4
61	Táirgí bia eile nach n-aicmítear in aon áit eile	01.1.9.9

	DEOCHANNA NEAMH-MHEISCIÚLA	
	Súnna torthaí agus súnna glasraí	
62	Súnna torthaí agus súnna glasraí	01.2.1.0
	Caife agus ionadaigh chaife	
63	Caife agus ionadaigh chaife	01.2.2.0
	Tae, maté agus táirgí eile a dhíorthaítear ó phlandaí le haghaidh insileadh	
64	Tae, maté agus táirgí eile a dhíorthaítear ó phlandaí le haghaidh insileadh	01.2.3.0
	Deochanna cócó	
65	Deochanna cócó	01.2.4.0
	Uisce	
66	Uisce	01.2.5.0
	Deochanna boga	
67	Deochanna boga	01.2.6.0
	Deochanna neamh-mheisciúla eile	
68	Deochanna neamh-mheisciúla eile	01.2.9.0
	SEIRBHÍSÍ CHUN EARRAÍ PRÍOMHÚLA A PHRÓISEÁIL LE hAGHAIDH BIA AGUS DEOCHANNA NEAMH-MHEISCIÚLA	
	Seirbhísí chun earraí príomhúla a phróiseáil le haghaidh bia agus deochanna neamh-mheisciúla	
69	Seirbhísí chun earraí príomhúla a phróiseáil le haghaidh bia agus deochanna neamh-mheisciúla	01.3.0.0
	DEOCHANNA MEISCIÚLA, TOBAC AGUS TÁMHSHUANAIGH	
	DEOCHANNA MEISCIÚLA	
	Biotáille agus licéir	
70	Biotáille agus licéir	02.1.1.0
71	Fíon	02.1.2
	Beoir	
72	Beoir	02.1.3.0
	Deochanna alcólacha eile	
73	Deochanna alcólacha eile	02.1.9.0

	SEIRBHÍSÍ TÁIRGTHE ALCÓIL	
	Seirbhísí táirgthe alcóil	
74	Seirbhísí táirgthe alcóil	02.2.0.0
	TOBAC	
75	Tobac	02.3.0
	TÁMHSHUANAIGH	
	Támhshuanaigh	
76	Támhshuanaigh	02.4.0.0
	ÉADAÍ AGUS COISBHEART	
	ÉADAÍ	
	Ábhair éadaigh	
77	Ábhair éadaigh	03.1.1.0
	Baill éadaigh	
78	Baill éadaigh le haghaidh fear nó buachaillí	03.1.2.1
79	Baill éadaigh le haghaidh ban nó cailíní	03.1.2.2
80	Baill éadaigh le haghaidh naíonán (faoi bhun 2 bhliain d'aois)	03.1.2.3
81	Éidí scoile	03.1.2.4
82	Baill éadaigh eile agus oiriúintí éadaigh eile	03.1.3
83	Éadaí a ghlanadh, a dheisiú, a chóiriú agus a ligean ar cíos	03.1.4
	COISBHEART	
	Bróga agus coisbheart eile	
84	Coisbheart le haghaidh fear	03.2.1.1
85	Coisbheart le haghaidh ban	03.2.1.2
86	Coisbheart le haghaidh naíonán agus leanaí	03.2.1.3
	Coisbheart a ghlanadh, a dheisiú agus a ligean ar cíos	
87	Coisbheart a ghlanadh, a dheisiú agus a ligean ar cíos	03.2.2.0

	TITHÍOCHT, UISCE, LEICTREACHAS, GÁS AGUS BREOSLAÍ EILE	
88	**ÍOCAÍOCHTAÍ CÍOSA IARBHÍR ARNA nDÉANAMH LE hAGHAIDH TITHÍOCHTA**	04.1
89	**ÍOCAÍOCHTAÍ CÍOSA BARÚLACHA LE hAGHAIDH TITHÍOCHTA**	04.2
	COTHABHÁIL, DEISIÚ AGUS SLÁNDÁIL NA TEAGHAISE	
	Trealamh slándála agus ábhair slándála le haghaidh cothabháil agus deisiú na teaghaise	
90	Ábhair chun an teaghais a chothabháil agus a dheisiú	04.3.1.1
91	Trealamh slándála	04.3.1.2
	Seirbhísí cothabhála, seirbhísí deisiúcháin agus seirbhísí slándála na teaghaise	
92	Seirbhísí cothabhála, seirbhísí deisiúcháin agus seirbhísí slándála na teaghaise	04.3.2.0
	SOLÁTHAR UISCE AGUS SEIRBHÍSÍ ILGHNÉITHEACHA A BHAINEANN LEIS AN TEAGHAIS	
93	Soláthar uisce	04.4.1
	Bailiú bruscair	
94	Bailiú bruscair	04.4.2.0
95	Bailiú séarachais	04.4.3
96	Seirbhísí eile a bhaineann leis an teaghais	04.4.4
	LEICTREACHAS, GÁS AGUS BREOSLAÍ EILE	
	Leictreachas	
97	Leictreachas	04.5.1.0
	Gás	
98	Gás nádúrtha trí líonraí	04.5.2.1
99	Hidreacarbóin leachtaithe	04.5.2.2
	Breoslaí leachtacha	
100	Breoslaí leachtacha	04.5.3.0
101	Breoslaí soladacha	04.5.4
	Fuinneamh eile le haghaidh téimh agus fuarú	
102	Fuinneamh eile le haghaidh téimh agus fuarú	04.5.5.0

	FEARASTUITHE TÍ, TREALAMH TÍ AGUS GNÁTHCHOTHABHÁIL TÍ	
	TROSCÁN, FEARASTUITHE TÍ, AGUS CAIRPÉID SCAOILTE	
	Troscán, fearastuithe tí, agus cairpéid scaoilte	
103	Troscán tí	05.1.1.1
104	Troscán gairdín agus campála	05.1.1.2
105	Trealamh soilsithe	05.1.1.3
106	Fearastuithe, cairpéid scaoilte agus rugaí	05.1.1.4
	Troscáin, fearastuithe agus cairpéad scaoilte a dheisiú, a shuiteáil agus a ligean ar cíos	
107	Troscáin, fearastuithe agus cairpéad scaoilte a dheisiú, a shuiteáil agus a ligean ar cíos	05.1.2.0
	TEICSTÍLÍ TÍ	
	Teicstílí tí	
108	Fabraicí agus cuirtíní fearastaithe	05.2.1.1
109	Línéadach leapa agus cóir leapa	05.2.1.2
110	Éadach boird agus seomra folctha	05.2.1.3
111	Teicstílí tí eile	05.2.1.9
	Seirbhísí deisithe, fruilithe agus fuála teicstílí tí	
112	Seirbhísí deisithe, fruilithe agus fuála teicstílí tí	05.2.2.0
	FEARAIS TÍ	
	Mórfhearais leictreacha agus fearais tí eile	
113	Mórfhearais chistine	05.3.1.1
114	Mórfhearais níocháin	05.3.1.2
115	Téitheoirí agus aerchóiritheoirí	05.3.1.3
116	Trealamh glanta	05.3.1.4
117	Mórfhearais tí eile	05.3.1.9
	Mionfhearais tí	
118	Mionfhearais chun bia a chócaráil agus a phróiseáil	05.3.2.1
119	Mionfhearais chun deochanna a ullmhú	05.3.2.2

120	Mionfhearais tí eile	05.3.2.9
	Fearais tí a dheisiú, a shuiteáil agus a ligean ar cíos	
121	Fearais tí a dheisiú, a shuiteáil agus a ligean ar cíos	05.3.3.0
	EARRAÍ GLOINE, EARRAÍ BOIRD AGUS ACRAÍ TÍ	
	Earraí gloine, earraí boird agus acraí tí	
122	Earraí gloine, earraí criostail, earraí ceirmeacha agus earraí poircealláin	05.4.0.1
123	Sceanra, earraí boird agus earraí airgid	05.4.0.2
124	Uirlisí agus earraí cistine	05.4.0.3
125	Earraí gloine, earraí boird agus acraí tí a dheisiú agus a ligean ar cíos	05.4.0.4
	UIRLISÍ AGUS TREALAMH TÍ AGUS GAIRDÍN	
	Uirlisí agus trealamh mótarthrealmhaithe	
126	Uirlisí agus trealamh mótarthrealmhaithe	05.5.1.0
	Uirlisí neamh-mhótarthrealmhaithe agus oiriúintí ilghnéitheacha	
127	Uirlisí neamh-mhótarthrealmhaithe	05.5.2.1
128	Oiriúintí ilghnéitheacha	05.5.2.2
	Deisiú agus fruiliú uirlisí agus trealamh mótarthrealmhaithe agus neamh-mhótarthrealmhaithe	
129	Deisiú agus fruiliú uirlisí agus trealamh mótarthrealmhaithe agus neamh-mhótarthrealmhaithe	05.5.3.0
	EARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ GNÁTHCHOTHABHÁLA TÍ	
	Earraí neamh-mharthanacha tí	
130	Táirgí glantacháin agus cothabhála tí	05.6.1.1
131	Earraí neamh-mharthanacha tí eile	05.6.1.9
	Seirbhísí tís agus seirbhísí tí	
132	Seirbhísí tís arna gcur ar fáil ag foireann atá á híoc	05.6.2.1
133	Seirbhísí tí eile	05.6.2.9
	SLÁINTE	
	CÓGAIS AGUS TÁIRGÍ SLÁINTE	
134	Cógais	06.1.1

135	Táirgí leighis	06.1.2
136	Táirgí cúnta	06.1.3
	Táirgí leighis agus cúnta a dheisiú, a ligean ar cíos agus a chothabháil	
137	Táirgí leighis agus cúnta a dheisiú, a ligean ar cíos agus a chothabháil	06.1.4.0
	SEIRBHÍSÍ CÚRAIM OTHAR SEACHTRACH	
138	Seirbhísí cúraim choiscthigh	06.2.1
139	Seirbhísí fiaclóireachta othar seachtrach	06.2.2
140	Seirbhísí eile cúraim le haghaidh othar seachtrach	06.2.3
	SEIRBHÍSÍ CÚRAIM OTHAR CÓNAITHE	
	Seirbhísí leigheasacha agus athshlánúcháin othar cónaithe	
141	Seirbhísí leigheasacha agus athshlánúcháin othar cónaithe	06.3.1.0
	Seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh othar cónaithe	
142	Seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh othar cónaithe	06.3.2.0
	SEIRBHÍSÍ SLÁINTE EILE	
	Seirbhísí íomháithe dhiagnóisigh agus seirbhísí saotharlainne leighis	
143	Seirbhísí íomháithe dhiagnóisigh agus seirbhísí saotharlainne leighis	06.4.1.0
	Iompar éigeandála othar agus seirbhísí tarrthála éigeandála	
144	Iompar éigeandála othar agus seirbhísí tarrthála éigeandála	06.4.2.0
	IOMPAR	
	FEITHICLÍ A CHEANNACH	
	Gluaisteáin	
145	Gluaisteáin nua	07.1.1.1
146	Gluaisteáin athláimhe	07.1.1.2
	Gluaisrothair	
147	Gluaisrothair	07.1.2.0
	Rothair	
148	Rothair	07.1.3.0

	Feithiclí ainmhí-tharraingthe	
149	Feithiclí ainmhí-tharraingthe	07.1.4.0
	OIBRIÚ TREALAIMH IOMPAIR PHEARSANTA	
	Páirteanna agus oiriúintí do threalamh iompair phearsanta	
150	Boinn	07.2.1.1
151	Páirteanna do threalamh iompair phearsanta	07.2.1.2
152	Oiriúintí do threalamh iompair phearsanta	07.2.1.3
	Breoslaí agus bealaí do threalamh iompair phearsanta	
153	Díosal	07.2.2.1
154	Peitreal	07.2.2.2
155	Breoslaí eile do threalamh iompair phearsanta	07.2.2.3
156	Bealaí	07.2.2.4
	Trealaimh iompair phearsanta a chothabháil agus a dheisiú	
157	Trealaimh iompair phearsanta a chothabháil agus a dheisiú	07.2.3.0
158	Seirbhísí eile a bhaineann le trealamh iompair phearsanta	07.2.4
	SEIRBHÍSÍ IOMPAIR PAISINÉIRÍ	
	Iompar paisinéirí d'iarnród	
159	Iompar paisinéirí d'iarnród	07.3.1.1
160	Iompar paisinéirí trí mhear-iompar agus tram	07.3.1.2
	Iompar paisinéirí de bhóthar	
161	Iompar paisinéirí de bhus agus de chóiste	07.3.2.1
162	Iompar paisinéirí i dtacsaí agus i bhfeithicil ar cíos ina bhfuil tiománaí	07.3.2.2
163	Iompar paisinéirí le haghaidh mic léinn chuig an scoil agus ón scoil	07.3.2.3
164	Iompar eile paisinéirí de bhóthar	07.3.2.9
165	Iompar paisinéirí d'aer	07.3.3
	Iompar paisinéirí ar muir agus ar uiscebhealach intíre	
166	Iompar paisinéirí ar muir agus ar uiscebhealach intíre	07.3.4.0

	Comhiompar paisinéirí	
167	Comhiompar paisinéirí	07.3.5.0
	Seirbhísí iompair paisinéirí eile	
168	Seirbhísí iompair paisinéirí eile	07.3.6.0
	SEIRBHÍSÍ IOMPAIR LE hAGHAIDH EARRAÍ	
	Seirbhísí poist agus cúiréireachta	
169	Seirbhísí láimhseála litreacha	07.4.1.1
170	Seirbhísí cúiréireachta agus seachadta beartán	07.4.1.2
171	Iompar earraí eile	07.4.9
	FAISNÉIS AGUS CUMARSÁID	
	TREALAMH FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE	
	Trealamh teileafóin sheasta	
172	Trealamh teileafóin sheasta	08.1.1.0
	Trealamh teileafóin shoghluaiste	
173	Trealamh teileafóin shoghluaiste	08.1.2.0
	Trealamh próiseála faisnéise	
174	Ríomhairí, ríomhairí glúine agus táibléid	08.1.3.1
175	Trealamh forimeallach agus a chomhpháirteanna inchaite	08.1.3.2
	Trealamh chun fuaim agus pictiúr a ghlacadh, a thaifeadadh agus a atáirgeadh	
176	Trealamh chun fuaim agus pictiúr a ghlacadh, a thaifeadadh agus a atáirgeadh	08.1.4.0
	Meáin taifeadta neamhthaifeadta	
177	Meáin taifeadta neamhthaifeadta	08.1.5.0
178	Trealamh agus oiriúintí faisnéise agus cumarsáide eile	08.1.9
	BOGEARRAÍ, SEACHAS CLUICHÍ	
	Bogearraí, seachas cluichí	
179	Bogearraí, seachas cluichí	08.2.0.0

	SEIRBHÍSÍ FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE	
	Seirbhísí cumarsáide seasta	
180	Seirbhísí cumarsáide seasta	08.3.1.0
	Seirbhísí soghluaiste seasta	
181	Seirbhísí soghluaiste seasta	08.3.2.0
	Seirbhísí soláthair rochtana idirlín agus seirbhísí stórála ar líne	
182	Seirbhísí soláthair rochtana idirlín agus seirbhísí stórála ar líne	08.3.3.0
	Seirbhísí teileachumarsáide cuachta	
183	Seirbhísí teileachumarsáide cuachta	08.3.4.0
	Trealamh faisnéise agus cumarsáide a dheisiú agus a ligean ar cíos	
184	Trealamh faisnéise agus cumarsáide a dheisiú agus a ligean ar cíos	08.3.5.0
185	Seirbhísí faisnéise agus cumarsáide eile	08.3.9
	ÁINEAS, SPÓRT AGUS CULTÚR	
	EARRAÍ MARTHANACHA ÁINEASA	
186	Trealamh grianghrafadóireachta agus cineamatagrafach agus uirlisí optúla	09.1.1
187	Mórearraí marthanacha áineasa	09.1.2
	EARRAÍ EILE ÁINEASA	
188	Cluichí, bréagáin agus earraí a bhaineann le caitheamh aimsire	09.2.1
189	Trealamh spóirt, campála agus áineasa faoin aer	09.2.2
	TÁIRGÍ GAIRDÍN AGUS PEATAÍ	
190	Táirgí gairdín, plandaí agus bláthanna	09.3.1
191	Peataí agus táirgí peataí	09.3.2
	SEIRBHÍSÍ ÁINEASA	
	Trealamh grianghrafadóireachta agus cineamatagrafach agus uirlisí optúla a ligean ar cíos agus a dheisiú	
192	Trealamh grianghrafadóireachta agus cineamatagrafach agus uirlisí optúla a ligean ar cíos agus a dheisiú	09.4.1.0
193	Mórearraí marthanacha áineasa a ligean ar cíos, a chothabháil agus a dheisiú	09.4.2
194	Cluichí, bréagáin agus earraí a bhaineann le caitheamh aimsire	09.4.3

	Trealamh spóirt, campála agus áineasa faoin aer a ligean ar cíos agus a dheisiú	
195	Trealamh spóirt, campála agus áineasa faoin aer a ligean ar cíos agus a dheisiú	09.4.4.0
	Seirbhísí tréidliachta agus seirbhísí eile do pheataí	
196	Seirbhísí tréidliachta agus seirbhísí eile do pheataí	09.4.5.0
197	Seirbhísí áineasa agus spóirt	09.4.6
	Cluichí áidh	
198	Cluichí áidh	09.4.7.0
	EARRAÍ CULTÚRTHA	
	Uirlisí ceoil	
199	Uirlisí ceoil	09.5.1.0
	Na meáin chlosamhairc	
200	Na meáin chlosamhairc	09.5.2.0
	SEIRBHÍSÍ CULTÚRTHA	
	Seirbhísí a sholáthraíonn pictiúrlanna, amharclanna agus ionaid ceolchoirmeacha	
201	Seirbhísí a sholáthraíonn pictiúrlanna, amharclanna agus ionaid ceolchoirmeacha	09.6.1.0
	Seirbhísí a sholáthraíonn músaeim, leabharlanna agus láithreáin chultúrtha	
202	Seirbhísí a sholáthraíonn músaeim, leabharlanna agus láithreáin chultúrtha	09.6.2.0
	Seirbhísí grianghrafadóireachta	
203	Seirbhísí grianghrafadóireachta	09.6.3.0
	Seirbhísí cultúrtha eile	
204	Seirbhísí cultúrtha eile	09.6.9.0
	NUACHTÁIN, LEABHAIR AGUS STÁISEANÓIREACHT	
205	Leabhair	09.7.1
206	Nuachtáin	09.7.2.1
207	Irisí agus tréimhseacháin	09.7.2.2
	Ábhar clóite ilghnéitheach	
208	Ábhar clóite ilghnéitheach	09.7.3.0

	Stáiseanóireacht agus ábhair líníochta	
209	Stáiseanóireacht agus ábhair líníochta	09.7.4.0
	SAOIRE LÁNEAGRAITHE	
	Saoire láneagraithe	
210	Saoire láneagraithe	09.8.0.0
211	**SEIRBHÍSÍ OIDEACHAIS**	10
	BIALANNA AGUS SEIRBHÍSÍ CÓIRÍOCHTA	
	SEIRBHÍSÍ FREASTALAITHE BIA AGUS DEOCHANNA	
212	Bialanna, caiféanna agus a leithéid	11.1.1
213	Ceaintíní, caifitéirí agus proinntithe	11.1.2
	SEIRBHÍSÍ CÓIRÍOCHTA	
	Seirbhísí cóiríochta	
214	Óstáin, carr-óstáin, óstaí agus seirbhísí cóiríochta cosúla	11.2.0.1
215	Ionaid saoire, láithreáin champála, brúnna óige agus seirbhísí cóiríochta cosúla	11.2.0.2
216	Seirbhísí cóiríochta le haghaidh scoileanna cónaithe, ollscoileanna agus bunaíochtaí oideachais eile	11.2.0.3
217	Seirbhísí cóiríochta eile	11.2.0.9
	SEIRBHÍSÍ ÁRACHAIS AGUS PINSIN	
	ÁRACHAS	
	Árachas saoil agus tionóisce	
218	Árachas saoil agus tionóisce	12.1.1.0
	Árachas a bhaineann le sláinte	
219	Árachas a bhaineann le sláinte	12.1.2.0
	Árachas a bhaineann le teaghaisí	
220	Árachas a bhaineann le teaghaisí	12.1.3.0
	Árachais a bhaineann le hiompar	
221	Árachas iompair phearsanta	12.1.4.1

222	Árachas taistil	12.1.4.2
	Árachas eile	
223	Árachas eile	12.1.9.0
	SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS	
	Seirbhís idirghabhála airgeadais arna tomhas go hindíreach	
224	Seirbhís idirghabhála airgeadais arna tomhas go hindíreach	12.2.1.0
	Muirir shainráite ag corparáidí glactha taisce	
225	Muirir shainráite ag corparáidí glactha taisce	12.2.2.0
226	Seirbhísí eile airgeadais	12.2.9
	CÚRAM PEARSANTA, COSAINT SHÓISIALTA AGUS EARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ ILGHNÉITHEACHA	
	CÚRAM PEARSANTA	
227	Fearais leictreacha le haghaidh cúram pearsanta	13.1.1
	Fearais, earraí agus táirgí eile le haghaidh cúram pearsanta	
228	Fearais, earraí agus táirgí eile le haghaidh cúram pearsanta	13.1.2.0
	Gruagairí agus bunaíochtaí grúmaeireachta pearsanta	
229	Gruagaireacht	13.1.3.1
230	Cóireálacha grúmaeireachta pearsanta	13.1.3.2
	EARRAÍ PEARSANTA EILE	
231	Seodra agus uaireadóirí	13.2.1
	Earraí deabhóide agus earraí le haghaidh ceiliúradh reiligiúnach agus deasghnátha	
232	Earraí deabhóide agus earraí le haghaidh ceiliúradh reiligiúnach agus deasghnátha	13.2.2.0
233	Earraí pearsanta eile nach n-aicmítear in aon áit eile	13.2.9
	COSAINT SHÓISIALTA	
234	Cosaint shóisialta	13.3.0
	SEIRBHÍSÍ EILE	
235	Seirbhísí eile	13.9.0

	CEANNACHÁIN DHÍREACHA AR AN gCOIGRÍOCH	
	CEANNACHÁIN DHÍREACHA AR AN gCOIGRÍOCH	
	Ceannacháin dhíreacha ar an gcoigríoch	
236	Ceannacháin dhíreacha ar an gcoigríoch	
	CAITEACHAS TOMHALTAIS AONAIR DE RÉIR FORAS NEAMHBHRABÚIS A BHÍONN AG FREASTAL AR THEAGHLAIGH (INBFT)	
	TITHÍOCHT - INBFT	
	TITHÍOCHT - INBFT	
	Tithíocht - INBFT	
237	*Tithíocht - INBFT*	1
	SLÁINTE - INBFT	
	SLÁINTE - INBFT	
	Sláinte - INBFT	
238	*Sláinte - INBFT*	2
	ÁINEAS AGUS CULTÚR - INBFT	
	ÁINEAS AGUS CULTÚR - INBFT	
	Áineas agus cultúr - INBFT	
239	*Áineas agus cultúr - INBFT*	3
	OIDEACHAS - INBFT	
	OIDEACHAS - INBFT	
	Oideachas - INBFT	
240	*Oideachas - INBFT*	4
	COSAINT SHÓISIALTA - INBFT	
	COSAINT SHÓISIALTA - INBFT	
	Cosaint shóisialta - INBFT	
241	*Cosaint shóisialta - INBFT*	5
	SEIRBHÍSÍ EILE - INBFT	

	SEIRBHÍSÍ EILE - INBFT		
	Seirbhísí eile - INBFT		
242	*Seirbhísí eile - INBFT*	06 go 09	
	CAITEACHAS TOMHALTAIS AONAIR DE RÉIR AN RIALTAIS GHINEARÁLTA (GG)		
	TITHÍOCHT - GG		
	TITHÍOCHT - GG		
	Tithíocht - GG		
243	*Tithíocht - GG*		10.6.0
	SLÁINTE - GG		
	SLÁINTE - GG		
	Sláinte - GG		
244	*Sláinte - GG*		7
	ÁINEAS AGUS CULTÚR - GG		
	ÁINEAS AGUS CULTÚR - GG		
	Áineas agus cultúr - GG		
245	*Áineas agus cultúr - GG*		8
	OIDEACHAS - GG		
	OIDEACHAS - GG		
	Oideachas - GG		
246	*Oideachas - GG*		9
	COSAINT SHÓISIALTA - GG		
	COSAINT SHÓISIALTA - GG		
	Cosaint shóisialta - GG		
247	*Cosaint shóisialta - GG*		10 gan 10.6 a áireamh

	CAITEACHAS TOMHALTAIS AONAIR DE RÉIR AN RIALTAIS GHINEARÁLTA	
	CAITEACHAS TOMHALTAIS AONAIR DE RÉIR AN RIALTAIS GHINEARÁLTA	
	CAITEACHAS TOMHALTAIS AONAIR DE RÉIR AN RIALTAIS GHINEARÁLTA	
	Caiteachas tomhaltais chomhchoitinn de réir rialtais	
248	*Cúiteamh d'fhostaithe*	
249	*Tomhaltas idirmheánach*	
250	*Ollbharrachas oibriúcháin*	
251	*Cánacha glana ar a dtáirgtear*	
252	*Fáltais ó dhíolacháin*	
	OLLFHOIRMIÚ CAIPITIL	
	OLLFHOIRMIÚ CAIPITIL SHEASTA	
	INNEALRA AGUS TREALAMH	
	Táirgí agus trealamh miotail	
253	*Táirgí déanta as miotal, seachas innealra agus trealamh (CPA 25 seachas 25.4)*	25, gan 25.4 a áireamh
254	*Trealamh faisnéise agus cumarsáide (CPA 26.1, 26.2 agus 26.3)*	26.1 go 26.3
255	*Táirgí leictreacha agus optúla eile (CPA 26.4 go 26.8)*	26.4 go 26.8
256	*Trealamh leictreach (CPA 27)*	27
257	*Innealra ilfhóinteach (CPA 28.1 agus 28.2)*	28.1 agus 28.2
258	*Innealra sainchuspóireach (CPA 28.3 go 28.9)*	28.3 go 28.9
	Trealamh iompair	
259	*Mótarfheithiclí, leantóirí agus leathleantóirí (CPA 29)*	29
260	*Trealamh eile iompair (CPA 30)*	30
	FOIRGNÍOCHT	
	Foirgnimh chónaithe	
261	*Foirgnimh chónaithe (CPA 41)*	41
	Foirgnimh neamhchónaithe	

262	*Foirgnimh neamhchónaithe (CPA 41)*	41
	Oibreacha innealtóireachta sibhialta	
263	*Oibreacha innealtóireachta sibhialta (CPA 42)*	42
	TÁIRGÍ EILE	
	Táirgí eile	
264	*Troscán agus táirgí críochnaithe eile (CPA 31 agus 32)*	31 agus 32
265	*Bogearraí ríomhaireachta (CPA 58.2 agus 62.01)*	58.2 agus 62.01
266	*Táirgí eile g.a.e.*	nach bhfuil aicmithe in áit eile
	ATHRUITHE I bhFARDAIL	
	ATHRUITHE I bhFARDAIL	
	Athruithe i bhfardail	
267	*Athruithe i bhfardail*	
	FÁLTAIS LÚIDE DIÚSCAIRTÍ EARRAÍ LUACHMHARA	
	FÁLTAIS LÚIDE DIÚSCAIRTÍ EARRAÍ LUACHMHARA	
	Fáltais lúide diúscairtí earraí luachmhara	
268	*Fáltais lúide diúscairtí earraí luachmhara*	
	COMHARDÚ ONNMHAIRÍ AGUS ALLMHAIRÍ	

COMHARDÚ ONNMHAIRÍ AGUS ALLMHAIRÍ

COMHARDÚ ONNMHAIRÍ AGUS ALLMHAIRÍ

Comhardú onnmhairí agus allmhairí

269	*Comhardú onnmhairí agus allmhairí*

([1]) Miondealú breise ar COICOP mar a shainmhínítear i gCaibidil 23 d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 549/2013.
([2]) Mar a shainmhínítear i gCaibidil 23 d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 549/2013.
([3]) Mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 1209/2014 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2014 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 451/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear aicmiú nua staidrimh ar tháirgí de réir gníomhaíochta (CPA) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3696/93 ón gComhairle (IO L 336, 22.11.2014, lch. 1).'

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/3171/oj